AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 4.2.2015
COM(2015) 46 final

2015/0026 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1304/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa, i ndáil le méadú ar an méid réamh-mhaoinithe tosaigh a íoctar leis na cláir oibríochtúla a fhaigheann tacaíocht ón Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Príomhthosaíocht de chuid an Choimisiúin nua is ea borradh úr a chur faoi phoist, fás agus infheistíocht. I gClár Oibre an Choimisiúin do 2015 gheall sé tionscnaimh a dhéanamh chun lánpháirtiú agus infhostaitheacht sa mhargadh saothair a chur chun cinn, lena n-áirítear bearta chun tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit poist a chruthú don aos óg. Ceapadh an togra seo maidir leis an Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg lena áirithiú nach mbeidh aon mhoill ar bhaint amach na tosaíochta sin.

Glacadh an Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg (TFAO) tar éis don Chomhairle Eorpach a iarraidh i bhFeabhra 2013 go dtabharfaí aghaidh ar na hardleibhéil dífhostaíochta atá i measc an aosa óig i réigiúin áirithe den Aontas Eorpach atá buailte go mór leis an bhfadhb sin. Leagadh béim i gconclúidí na Comhairle i bhFeabhra 2013 agus arís i gconclúidí na Comhairle ina dhiaidh sin gur cheart tosaíocht a thabhairt do chur chun cinn na fostaíochta don aos óg. D'iarr an Chomhairle Eorpach go mbainfí leas as buiséad an Aontais Eorpaigh chun tacú le hiarrachtaí na mBallstát cur i gcoinne na treochta atá ann faoi láthair. Is é is aidhm don Tionscnamh cistiú breise a chur ar fáil chun fostaíocht don aos óg a chur chun cinn sna réigiúin is mó atá buailte leis an dífhostaíocht. Déanfar sin, mar shampla, trí mholadh na Comhairle maidir le bunú na Ráthaíochta don Aos Óg a chur chun feidhme. Tá tacaíocht a thugtar faoi TFAO dírithe go sonrach ar dhaoine óga nach bhfuil fostaithe ná i mbun oideachais ná oiliúna agus, murab ionann agus Ciste Sóisialta na hEorpa, ní féidir í a úsáid chun tacú le córais agus struchtúir. Tá TFAO ina chuid dhílis de chláreagrú Chiste Sóisialta na hEorpa agus is féidir na socruithe cláreagraithe a bheith i bhfoirm clár oibríochtúil tiomanta, i bhfoirm ais tosaíochta thiomanta laistigh de chlár oibríochtúil nó ina gcuid d'ais tosaíochta amháin nó roinnt aiseanna tosaíochta.

I bhfianaise a phráinní atá sé díriú ar an dífhostaíocht i measc an aosa óig, mhol an Coimisiún ón tús forálacha speisialta a ghlacadh sa dóigh is go ngealltar méid iomlán na n-acmhainní a leithdháiltear ar TFAO sa chéad dá bhliain den chlárthréimhse 2014-2020 (tús-ualú na n-acmhainní), ionas go bhféadtar bearta a dhéanamh ar mhaithe leis an aos óg agus torthaí a bhaint amach gan mhoill. Dá bhrí sin, i bprionsabal tá oibríochtaí faoi TFAO le bheith curtha chun feidhme faoi dheireadh 2018, cé gur 2023 an sprioc d'oibríochtaí eile a fhaigheann tacaíocht ó Chistí Struchtúrtha agus Infheistíochta na hEorpa, lena n-áirítear Ciste Sóisialta na hEorpa. Ina theannta sin, cinneadh go bhfuil caiteachas faoi TFAO incháilithe ón 1 Meán Fómhair 2013 agus nach bhfuil an leithdháileadh sonrach do TFAO faoi réir an cheanglais maidir le cómhaoiniú náisiúnta. Tá forálacha eile i gcreat rialála 2014-2020 freisin chun dlús a chur le cur chun feidhme TFAO.

Ós rud é go bhfuil an tréimhse cur chun feidhme do TFAO níos giorra, tá sé fíorthábhachtach go ndéantar dul chun cinn praiticiúil sna chéad bhlianta le go n-éireoidh leis an Tionscnamh dul i ngleic le fadhb seo na dífhostaíochta a fhágann go bhfuil 7 milliún Eorpach ann nach bhfuil i mbun oideachais ná oiliúna agus nach bhfuil post acu. Má chuirtear tuilleadh moille ar chur chun feidhme an Tionscnaimh is baolach go gcuirfear isteach ar an bpróiseas agus ar na bearta atá idir lámha ag na Ballstáit cur i gcoinne na dífhostaíochta seo.

Bíodh sin mar atá, tá bliain ann ó glacadh an Rialachán maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa agus níl a oiread bainte amach agus a rabhthas ag súil leis. Ceapadh go bhfágfadh tús-ualú na ngealltanas do TFAO agus na bearta sonracha eile do TFAO go bhféadfaí leas a bhaint go tapa as acmhainní an Tionscnaimh, ach ní hamhlaidh atá. Ar na príomhchúiseanna atá leis sin tá próiseas leanúnach caibidlíochta na gclár oibríochtúil lena mbaineann agus feidhmiú céimneach na socruithe cur chun feidhme sna Ballstáit. Chomh maith leis sin, níl ach

acmhainn theoranta ag na húdaráis glaonna ar thionscadail a sheoladh agus iarratais a phróiseáil go tapa agus tá easpa réamh-mhaoinithe ann chun na bearta a bhfuil gá leo a sheoladh. D'ardaigh na Ballstáit ceist sin na heaspa réamh-mhaoinithe ar an leibhéal polaitiúil. Thuairiscigh roinnt acu, ar leibhéil éagsúla lena n-áirítear ag cruinnithe den Chomhairle um Fhostaíocht, Beartas Sóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí agus ag cruinnithe déthaobhacha leis an gCoimisiún, go bhfuil sé ag dul crua orthu cur chun feidhme na n-oibríochtaí a thionscnamh ós rud é nach bhfuil a ndóthain cistithe acu réamhíocaíochtaí a dhéanamh leis na tairbhithe. Léirigh Parlaimint na hEorpa freisin gur ábhar imní di é a mhoille is atá TFAO á chur chun feidhme. Is olc an cás é go háirithe ag na Ballstáit a bhfuil na leibhéil is airde dífhostaíochta acu i measc an aosa óig ós rud é gurb iad is mó freisin a bhfuil srianta buiséadacha agus easpa cistithe ag cur as dóibh.

As measc na 34 chlár oibríochtúla lena gcuirtear TFAO chun feidhme, tá 28 gcinn acu sin glactha ag an gCoimisiún cheana agus tá caibidlíocht tugtha i gcrích aige maidir le ceithre cinn eile atá anois ar tí a nglactha. Sa bhreis air sin, ghlac an Chomhairle i 2014, roinnt moltaí tír-shonracha lena n-iarrtar ar na Ballstáit a n-iarrachtaí a threisiú chun an ráta dífhostaíochta i measc an aosa óig a laghdú. Tá an acmhainn riaracháin agus socruithe cur chun feidhme na gclár á gcur i bhfeidhm ag na Ballstáit don tréimhse reatha agus tá an Coimisiún ag tacú leis an bpróiseas sin trí threoir theicniúil a thabhairt. Sa deireadh, chun aghaidh a thabhairt gan mhoill ar ábhar imní na mBallstát maidir le réamh-mhaoiniú, tá an togra seo á thíolacadh ag an gCoimisiún.

Fuarthas amach nach leor na leibhéil réamh-mhaoinithe tosaigh a leagadh síos sa Rialachán maidir le Forálacha Coiteanna chun an bhearna chistithe atá ann a réiteach ná chun tacú leis an iarracht aghaidh a thabhairt go tapa ar an leibhéal ró-ard dífhostaíochta i measc an aosa óig san Aontas Eorpach (i bhfianaise gur gealltanas polaitiúil é sin in TFAO). De réir na leibhéal reatha réamh-mhaoinithe tosaigh, níl sa réamh-mhaoiniú a íoctar láithreach nuair a ghlactar clár oibríochtúil ach 1 % de ranníocaíocht an Aontais don chlár sin (nó 1.5 % i gcás Ballstáit atá ag fáil cúnamh airgeadais). Ina theannta sin, ní féidir íocaíochtaí eatramhacha a dhéanamh le Ballstát ach amháin ar bhonn caiteachas arna thabhú cheana ag tairbhithe agus arna íoc leo, agus é sin a bheith dearbhaithe ag an mBallstát. Úsáidtear íocaíochtaí eatramhacha chun tairbhithe a chúiteamh as caiteachas a thabhaigh siad. Dá bhrí sin, ní leor na híocaíochtaí eatramhacha chun réamhíocaíochtaí a dhéanamh le tairbhithe.

Ar an ábhar sin agus ós rud é go bhfuil an líon daoine óga atá i mbaol bochtaineachta nó eisiamh sóisialta ag dul i méad, ní mór bearta breise a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar shainiúlachtaí TFAO. Ba cheart a bheith mar thaca le tús-ualú acmhainní TFAO sásraí lenar féidir a áirithiú go dtugtar an cistiú is gá d'oibríochtaí sna chéad bhlianta den chlárthréimhse. Is gá a áirithiú go háirithe gur leor méid an réamh-mhaoinithe tosaigh a íoctar le cláir oibríochtúla lena gcuirtear TFAO chun feidhme chun íocaíochtaí le tairbhithe a mhaoiniú sa dóigh is gur féidir leo ansin oibríochtaí a thosú agus a chur chun feidhme. Murab ionann agus na cláir bhainistíochta comhroinnte eile, faigheann TFAO tacaíocht ó leithdháileadh sonrach atá maoinithe go huile agus go hiomlán ó bhuiséad an Aontais. Mar sin de, is é an leithdháileadh sonrach do TFAO an t-aon fhoinse cistithe faoin mbainistíocht chomhroinnte nach bhfuil faoi réir an cheanglais maidir le cómhaoiniú náisiúnta. Faoin togra atá beartaithe, tá sé i gceist an réamh-mhaoiniú tosaigh a chuirtear ar fáil ón leithdháileadh sonrach do TFAO in 2015 a mhéadú go tuairim agus EUR 1 billiún. Níl sé i gceist leis an togra seo atá beartaithe aon athrú a dhéanamh ar an réamh-mhaoiniú tosaigh a íoctar ó Chiste Sóisialta na hEorpa le cláir oibríochtúla lena gcuirtear TFAO chun feidhme, ná aon athrú a dhéanamh ar an réamh-mhaoiniú tosaigh a íocfar in 2016 ón leithdháileadh sonrach do TFAO. Ina theannta sin, ní dhéanann an togra aon difear don réamh-mhaoiniú tosaigh a íoctar le cláir eile atá cómhaoinithe ag Cistí Struchtúrtha agus Infheistíochta na hEorpa.

Meastar go bhfuil an méadú atá molta ar an réamh-mhaoiniú tosaigh ón leithdháileadh sonrach do TFAO a íoctar le cláir oibríochtúla a fhaigheann tacaíocht ó TFAO (beag beann ar fhoirm na socruithe cláreagraithe), meastar gur leor é agus go bhfuil sé ag luí go hiomlán leis na rialacha sonracha atá infheidhme maidir le TFAO. Ina theannta sin, leis an togra seo tá sé beartaithe próifíl an réamh-mhaoinithe do TFAO a chur in oiriúint do phróifíl chláir an bheartais chomhtháthaithe, rud a d'fhágfadh go mbeadh an leibhéal céanna réamh-mhaoinithe ann i gcás TFAO agus a bhíonn ann de ghnáth i gcás clár eile. Sa dóigh sin, is aidhm don togra cóir chomhionann a áirithiú idir TFAO agus cistí an bheartais chomhtháthaithe.

Lena chois sin, níor cheart do na Ballstáit an réamh-mhaoiniú tosaigh a úsáid ach amháin chun íocaíochtaí a dhéanamh le tairbhithe i gcur chun feidhme cláir a fhaigheann tacaíocht ó TFAO, i gcomhréir le hAirteagal 81(2) den Rialachán maidir le Forálacha Coiteanna, agus ní mór an réamh-mhaoiniú sin a chur ar fáil don chomhlacht atá freagrach gan mhoill. Ina theannta sin, lena áirithiú go mbeidh cur chun feidhme láithreach TFAO de thoradh an réamh-mhaoinithe breise, déantar foráil sa togra seo gur gá an réamh-mhaoiniú breise a aisíoc leis an gCoimisiún mura bhfaigheann an Coimisiún iarratais ar íocaíocht eatramhach do na cláir oibríochtúla i gceist faoi 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, ar iarratais iad inarb ionann ranníocaíocht an Aontais ó TFAO agus ar a laghad 50 % den réamh-mhaoiniú breise.

Tá an togra seo i gcomhréir le gealltanas polaitiúil an Aontais Eorpaigh tacú láithreach le hiarrachtaí chun daoine óga a lánpháirtiú sa mhargadh saothair.

Agus ar ndóigh, ní dhéanann an togra seo maidir le méadú ar na híocaíochtaí réamh-mhaoinithe leis na Ballstáit aon difear don phróifíl fhoriomlán airgeadais atá aontaithe cheana do leithdháiltí náisiúnta: níl i gceist leis ach na leithdháiltí atá geallta cheana ó bhuiséad an Aontais do TFAO a thabhairt níos luaithe. Mar sin de, leis an togra seo tugtar níos mó solúbthachta do na Ballstáit ó thaobh rochtain a fháil ar an gcistiú agus leas níos fearr a bhaint as, rud a d'fhágfadh gurbh éasca an Tionscnamh a chur chun feidhme agus bearta a sheoladh a rachadh go díreach chun tairbhe do lánpháirtiú Eorpach óg sa mhargadh saothair, go háirithe trí phoist, printíseachtaí agus tréimhsí oiliúna a chur ar fáil.

Mura nglacfaí an togra seo atá beartaithe, bheadh moill mhór fós ar chur chun feidhme TFAO - d'ainneoin éileamh na Comhairle Eorpaí gníomhú go práinneach. De dheasca easpa cistithe a bheith ar fáil go héasca, chuirfí go mór i mbaol bearta beartais ríthábhachtacha atá ann chun daoine óga a lánpháirtiú sa mhargadh saothair.

Sa chomhthéacs sin, tá géarghá leis an méid cistithe a chuirtear ar fáil ag tús na clárthréimhse a mhéadú d'oibríochtaí a fhaigheann tacaíocht ó TFAO. Dá bhrí sin, is gá an réamh-mhaoiniú tosaigh ón leithdháileadh sonrach do TFAO a mhéadú chun dlús a chur le cur chun feidhme TFAO. Bhainfí an tionchar is mó is féidir amach leis an ráta réamh-mhaoinithe atá beartaithe gan an buiséad atá ar fáil do TFAO a shárú.

## 2. TORTHAÍ AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS MEASÚNUITHE TIONCHAIR

Ní dhearnadh aon chomhairliúchán le geallsealbhóirí seachtracha.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

Moltar foráil bhreise, Airteagal 22a, a chur isteach i Rialachán (AE) Uimh. 1304/2013 maidir le réamh-mhaoiniú tosaigh breise do chláir oibríochtúla a fhaigheann tacaíocht ó TFAO.

## 4. IMPLEACHT BHUISÉADACH

Chun an modhnú atá beartaithe a dhéanamh, ní gá aon athrú a dhéanamh ar uasteorainneacha bliantúla an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil d'oibleagáidí agus íocaíochtaí de réir mar atá siad leagtha síos in Iarscríbhinn I de Rialachán (AE) Uimh. 1311/2013. Tá an togra seo neodrach ó thaobh an bhuiséid de maidir leis an gclárthréimhse 2014-2020.

Ní gá aon athrú a dhéanamh ar mhiondealú bliantúil na leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí do TFAO.

Maidir leis an ngá méadaithe atá le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí do TFAO, cumhdófar an réamh-mhaoiniú tosaigh breise do TFAO in 2015 le leithreasuithe ó bhuiséad 2015 don leithdháileadh sonrach do TFAO. Dá réir sin, níor cheart don mhodhnú atá beartaithe a bheith ina chúis le haon riaráistí maidir le héilimh neamhíoctha sa tréimhse 2014-2020.

2015/0026 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1304/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa, i ndáil le méadú ar an méid réamh-mhaoinithe tosaigh a íoctar leis na cláir oibríochtúla a fhaigheann tacaíocht ón Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 164 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) I bhfianaise go bhfuil rátaí arda dífhostaíochta i measc an aosa óig san Aontas go fóill, bunaíodh an Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg (TFAO) chun tacaíocht a thabhairt do dhaoine óga nach bhfuil fostaithe ná i mbun oideachais ná oiliúna sna réigiúin is mó atá buailte leis an bhfadhb sin. Chun freagairt thapa a áirithiú sa chomhrac i gcoinne na dífhostaíochta i measc an aosa óig, i Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] agus i Rialachán (AE) Uimh. 1304/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] leagtar síos forálacha lena gceadaítear leas níos gasta a bhaint as na hacmhainní a leithdháiltear ar TFAO. Ar na forálacha sin tá, inter alia, na hacmhainní uile a chur ar fáil don Tionscnamh sa chéad dá bhliain den chlárthréimshe, an deis a bheith ann na cláir oibríochtúla atá tiomnaithe do TFAO a ghlacadh roimh an gComhaontú Comhpháirtíochta a chur faoi

[1] IO C , , lch. .

[2] IO C , , lch. .

[3] Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Forbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle, IO L 347, 20.12.2013, lch. 320.

[4] Rialachán (AE) Uimh. 1304/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1081/2006 ón gComhairle, IO L 347, 20.12.2013, lch. 470.

bhráid an Choimisiúin, agus caiteachas arna thabhú ag oibríochtaí faoi TFAO a bheith incháilithe ón 1 Meán Fómhair 2013.

(2) De dheasca na srianta buiséadacha atá ar na Ballstáit agus na heaspa cistithe atá ar fáil ag céim thosaigh na clárthréimhse, cuireadh moill mhór ar chur chun feidhme TFAO. Bunaítear le Rialachán 1303/2013 an méid réamh-mhaoinithe tosaigh atá le híoc lena áirithiú go bhfuil na Ballstáit in acmhainn tacaíocht a thabhairt do thairbhithe ó thús chur chun feidhme na gclár oibríochtúil. I gcomhthéacs TFAO, áfach, fuarthas amach nach bhfuil an méid leordhóthanach chun na híocaíochtaí is gá a thabhairt do thairbhithe chun na hoibríochtaí a chur chun feidhme.

(3) Chun aghaidh a thabhairt ar na srianta buiséadacha atá ar na Ballstáit ag céim thosaigh na clárthréimhse, agus an gá práinneach atá ann dul i ngleic le dífhostaíocht i measc an aosa óig chomh maith le gnéithe sonracha de TFAO á gcur san áireamh, is iomchuí forálacha a leagan síos chun Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a chomhlánú, d'fhonn leibhéal an réamh-mhaoinithe tosaigh a íoctar le cláir oibríochtúla a fhaigheann tacaíocht ó TFAO a mhéadú in 2015. Lena áirithiú go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag na Ballstáit chun íocaíochtaí a dhéanamh le tairbhithe atá freagrach as cur chun feidhme oibríochtaí lena ndírítear ar an dífhostaíocht i measc an aosa óig, ba cheart méid breise réamh-mhaoinithe tosaigh ón leithdháileadh sonrach do TFAO a íoc in 2015 leis na cláir oibríochtúla a fhaigheann tacaíocht ó TFAO, chun na méideanna réamh-mhaoinithe a íoctar i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a chomhlánú.

(4) Lena áirithiú go n-úsáidfear an méid breise réamh-mhaoinithe tosaigh chun TFAO a chur chun feidhme láithreach, ba cheart foráil a dhéanamh go n-aisíocfar an méid sin leis an gCoimisiún mura dtugtar le fios sna hiarratais ar íocaíocht eatramhach is gá a chur faoi bhráid an Choimisiúin 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo gurb ionann ranníocaíocht an Aontais ó TFAO agus leibhéal leordhóthanach den réamh-mhaoiniú.

(5) Ionas go bhféadfar na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm go pras, ba cheart an Rialachán seo teacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 1304/2013 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an tAirteagal seo a leanas, Airteagal 22a, isteach i Rialachán (AE) Uimh. 1304/2013:

*"Airteagal 22a*

*Réamh-mhaoiniú breise a íoc le cláir oibríochtúla a fhaigheann tacaíocht ó TFAO*

1. I dteannta an mhéid réamh-mhaoinithe tosaigh a íoctar i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 134(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, íocfar méid breise réamh-mhaoinithe tosaigh ón leithdháileadh sonrach do TFAO in 2015 leis na cláir oibríochtúla uile a fhaigheann tacaíocht ó TFAO, beag beann ar fhoirm an tsocraithe cláreagraithe i gcomhréir le hAirteagal 18, chun an réamh-mhaoiniú tosaigh ón leithdháileadh sonrach do TFAO a mhéadú go 30 %.

2. Chun an réamh-mhaoiniú breise atá le híoc de bhun mhír 1 a ríomh, bainfear den 30 % sin na méideanna arna n-íoc ón leithdháileadh sonrach do TFAO leis na cláir

oibríochtúla i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 134 (1) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.

3. Faoi 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, mura mbeidh iarratais ar íocaíocht eatramhach curtha isteach ag na Ballstáit inarb ionann ranníocaíocht an Aontais ó TFAO agus ar a laghad 50 % den réamh-mhaoiniú breise, aisíocfaidh siad méid iomlán an réamh-mhaoinithe breise a íocadh i gcomhréir le mír 1 leis an gCoimisiún. Ní dhéanfaidh an t-aisíoc sin difear don ranníocaíocht ón leithdháileadh sonrach do TFAO leis an gclár oibríochtúil i gceist."

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

**1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH**

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB

1.3. An cineál togra/tionscnaimh

1.4. Cuspóirí

1.5. Foras an togra/tionscnaimh

1.6. Fad agus tionchar airgeadais

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

**2. BEARTA BAINISTÍOCHTA**

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

**3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH**

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas*

*3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

*3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

### 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

#### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1304/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa, i ndáil le méadú ar an méid réamh-mhaoinithe tosaigh a íoctar leis na cláir oibríochtúla a fhaigheann tacaíocht ón Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg

#### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB[5]

4 Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú

040264 An Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg

#### 1.3. An cineál togra/tionscnaimh

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **beart nua**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**[6]

☒ Baineann an togra/tionscnamh le s**íneadh ar bheart atá ann cheana**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **beart a atreoraíodh i dtreo birt nua**

#### 1.4. Cuspóirí

*1.4.1. Cuspóirí straitéiseacha ilbhliantúla an Choimisiúin ar a bhfuil an togra/tionscnamh dírithe*

N/B

*1.4.2. Cuspóirí sonracha agus na gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann*

Cuspóir sonrach Uimh.

N/B

Gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann

N/B

5 ABM: Bainistiú de réir gníomhaíochtaí; ABB: Buiséadú de réir gníomhaíochtaí.

6 Mar a thagraítear dó in Airteagal 54(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

*1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

N/B

*1.4.4. Táscairí lena léireofar toradh agus tionchar*

*Sonraigh na táscairí lena léireofar an faireachán ar chur chun feidhme an togra/tionscnaimh.*

N/B

**1.5. Foras an togra/tionscnaimh**

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma*

N/B

*1.5.2. Luach breise a bhaineann le rannpháirteachas an AE*

N/B

*1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

N/B

*1.5.4. Comhoiriúnacht d'ionstraimí iomchuí eile agus sineirgíocht a d'fhéadfadh a bheith ann*

N/B

## 1.6. Fad agus tionchar airgeadais

☐ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ar feadh **tréimhse teoranta**

– ☒ Togra/tionscnamh a bheith i bhfeidhm ón 01/01/2015 go dtí an 31/12/2023

– ☒ Tionchar airgeadais in 2015

☐ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ar feadh **tréimhse neamhtheoranta**

– - Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

## 1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe[7]

☐ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

– ☐ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☒ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

– ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;

– ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

– ☐ BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

– ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 208 agus Airteagal 209 den Rialachán Airgeadais;

– ☐ comhlachtaí dlí poiblí;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go gcuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

– ☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

– *- I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn "Nótaí" le do thoil.*

Nótaí

| |
|---|
| N/B |

[7] Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin DG Budg: http://www.cc.cec/budg/man/budgmanag/budgmanag_en.html

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

*Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo*

| |
|---|
| N/B |

### 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. Na rioscaí a aithníodh.*

| |
|---|
| N/B |

*2.2.2. Faisnéis maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm.*

| |
|---|
| N/B |

*2.2.3. Meastachán ar chostais agus ar shochair na rialuithe agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a bhfuiltear ag súil leis.*

| |
|---|
| N/B |

### 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

*Sonraigh bearta coiscteacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe.*

| |
|---|
| N/B |

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil: | Líne buiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir [Ceannteideal ……………………………] | LD/LN[8]. | ó thíortha de chuid CSTE[9] | ó thíortha is iarrthóirí[10] | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais |
| 1 Fás Cliste agus Cuimsitheach | 04.0264 [An Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg] | Difreáilte | Níl | Níl | Níl | Níl |

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

*In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil: | Líne buiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir [Ceannteideal ……………………………] | LD/LN | ó thíortha de chuid CSTE | ó thíortha is iarrthóirí | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais |
| | [XX.YY.YY.YY] | | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |

8 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

9 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

10 Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh bheith ina n-iarrthóirí.

## 3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

Chun an modhnú atá beartaithe a dhéanamh, ní gá aon athrú a dhéanamh ar uasteorainneacha bliantúla an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil d'oibleagáidí agus íocaíochtaí de réir mar atá siad leagtha síos in Iarscríbhinn I de Rialachán (AE) Uimh. 1311/2013.

Ní gá aon athrú a dhéanamh ar mhiondealú bliantúil na leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí do TFAO.

Maidir leis an ngá méadaithe atá le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí do réamh-mhaoiniú tosaigh TFAO in 2015, cumhdófar sin le leithreasuithe ó CHEANNTEIDEAL 4 (Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú) de bhuiséad 2015 do Chiste Sóisialta na hEorpa agus do TFAO.

### *3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas*

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil:** | Uimhir 1 | Fás Cliste agus Cuimsitheach |
|---|---|---|

| Ard-Stiúrthóireacht: EMPL | | | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018[11] | 2019 | 2020 | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | | | | | |
| 04.0264 [An Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg] | Gealltanais | (1) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** | **0** |
| | Íocaíochtaí | (2) | 0 | 930.000 | 0 | 0 | -930.000 | 0 | **0** | **0** |
| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú ó chlúdach clár sonrach Uimhir na líne buiséid[12] | | | | | | | | | | |

[11] I gcomhréir le hAirteagal 136 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, déanfar an réamh-mhaoiniú a dhlisteanú (a chomhardú) le caiteachas ó TFAO is gá a fhógairt faoin 31/12/2018.

[12] Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid AE (seanlínte "BA") a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| N/B | | (3) | | | | | | | | |
| **IOMLÁN leithreasuithe i gcomhair Ard-Stiúrthóireacht** EMPL | Gealltanais | =1+1a +3 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** | **0** |
| | Íocaíochtaí | =2+2a +3 | 0 | 930.000 | 0 | 0 | -930.000 | 0 | **0** | **0** |

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | Gealltanais | (4) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** | **0** |
| | Íocaíochtaí | (5) | 0 | 930.000 | 0 | 0 | -930.000 | 0 | **0** | **0** |
| •IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as clúdach clár sonrach | | (6) | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | 0 | 0 |
| **IOMLÁN leithreasuithe do CHEANNTEIDEAL 1** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | =4+ 6 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** | **0** |
| | Íocaíochtaí | =5+ 6 | 0 | 930.000 | 0 | 0 | -930.000 | 0 | **0** | **0** |

**<u>Má tá tionchar ag an togra/tionscnamh ar níos mó ná ceannteideal amháin:</u>**

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | Gealltanais | (4) | | | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | (5) | | | | | | | | |
| •IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as clúdach clár sonrach | | (6) | | | | | | | | |
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 4** den chreat airgeadais ilbhliantúil (Méid tagartha) | Gealltanais | =4+ 6 | | | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | =5+ 6 | | | | | | | | |

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil: | 5 | "Caiteachas riaracháin" |
|---|---|---|

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ard-Stiúrthóireacht: <…….> | | | | | | | | | |
| • Acmhainní daonna | | | | | | | | | |
| •Caiteachas Riaracháin eile | | | | | | | | | |
| **IOMLÁN Ard-Stiúrthóireacht** <…….> | Leithreasuithe | | | | | | | | |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe do CHEANNTEIDEAL 5** den chreat airgeadais ilbhliantúil | (Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí) | | | | | | | | |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain **N**[13] | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 5** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | | | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | | | | | | | | |

[13] Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh.

*3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Sonraigh cuspóirí agus aschuir** | | | Bliain **N** | | Bliain **N+1** | | Bliain **N+2** | | Bliain **N+3** | | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | | | | **IOMLÁN** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **ASCHUIR** | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ⇩ | Saghas[14] | Meán chostas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon iomlán | Costas iomlán |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1[15]... | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2... | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **COSTAS IOMLÁN** | | | | | | | | | | | | | | | | | | |

14 Is ionann aschuir agus táirgí agus seirbhísí le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.).

15 Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. 'Cuspóirí sonracha...'

*3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

3.2.3.1. Achoimre

- ☒ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin
- ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain **N**[16] | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | | | | | | | | |
| Caiteachas riaracháin eile | | | | | | | | |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 5[17] den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | | | | | | | | |
| Caiteachas eile de chineál riaracháin | | | | | | | | |
| **Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | | | | | | | | |

Cumhdófar na hacmhainní daonna is gá agus caiteachas eile de chineál riaracháin le leithreasuithe ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá ath-imlonnaithe laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha

16 Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh.

17 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid AE (seanlínte "BA") a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

3.2.3.2. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

– ☒ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.

– ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

*Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha*

| | | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | | | | | |
| XX 01 01 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | | | | | | | | |
| XX 01 01 02 (Toscaireachtaí) | | | | | | | | |
| XX 01 05 01 (Taighde indíreach) | | | | | | | | |
| 10 01 05 01 (Taighde díreach) | | | | | | | | |
| **• Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE)**[18] | | | | | | | | |
| XX 01 02 01 (CA, SNE, INT ón gclúdach iomlánaíoch) | | | | | | | | |
| XX 01 02 02 (CA, LA, SNE, INT agus JED sna toscaireachtaí) | | | | | | | | |
| **XX** 01 04 **yy** [19] | - sa cheanncheathrú | | | | | | | |
| | - toscaireachtaí | | | | | | | |
| **XX** 01 05 02 (CA, SNE, INT – taighde indíreach) | | | | | | | | |
| 10 01 05 02 (CA, INT, SNE – taighde díreach) | | | | | | | | |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | | | | | | | | |

Is é XX an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó a ath-imlonnófar laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus pearsanra sealadach | |
| Pearsanra seachtrach | |

18 CA = Ball foirne ar conradh; LA= Ball foirne áitiúil; SNE= Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JED = Saineolaí sóisearach i dtoscaireacht.

19 Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte "BA").

### 3.2.4. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

– ☒ Tá an togra/tionscnamh comhoiriúnach don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha.

– ☐ Beidh athchlárú an cheannteidil ábhartha sa chreat airgeadais ilbhliantúil ag gabháil leis an togra/tionscnamh seo.

| |
|---|
| Mínigh an cineál athchláraithe a bhfuil gá leis, agus sonraigh na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha. |

– ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go gcuirfear an ionstraim sholúbthachta i bhfeidhm nó go ndéanfar athbhreithniú ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil.

| |
|---|
| Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha. |

### 3.2.5. *Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

– Ní dhéantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe.

– Déantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

| | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe | | | | | | | | |
| IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe | | | | | | | | |

### 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

– ☒ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.

– ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

– ☐ ar acmhainní dílse

– ☐ ar ioncam ilghnéitheach

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha | Tionchar an togra/tionscnaimh[20] | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
| Airteagal …………. | | | | | | | | |

I gcás ioncam ilghnéitheach atá 'sannta', sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

| |
|---|
| |

Sonraigh an modh chun an tionchar ar ioncam a ríomh.

| |
|---|
| |

[20] A fhad a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 25 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.